

An Buiséad

Ceist 1 Tá an buiséad thart. Cad is féidir leat a rá faoi?



Ceist 2 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi thuarimí polaiteoirí áirithe faoin mbuiséad sular fógraíodh é. An féidir leat na focail seo thíos a aistriú go Béarla, sula bhféachann tú ar an mír.

1. socruithe: _____
2. cúlbinseoirí: _____
3. iasacht: _____
4. cáinainnéis: _____
5. sochaí: _____
6. infheistíocht: _____
7. infreastruchtúr: _____
8. corparáidí: _____
9. ag moladh: _____
10. as smacht: _____
11. stuama: _____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht gach a raibh inti a insint don duine in aice leat. Éist leis an duine sin ansin nuair a dhéanfaidh seisean/sise cur síos duitse.

Scríobhaigí achoimre ghearr ar an mír anois.

Ceist 4 ‘...Tá na socruithe deireanacha á ndéanamh ag an rialtas...’

Féach ar an sampla thuas ón mír agus na samplaí eile seo a leanas:

Tá an socrú deireanach á dhéanamh ag an rialtas.
Tá an óráid dheireanach á déanamh ag an rialtas.

Tabhair faoin gcleachtadh seo anois:

1. Tá an dráma á (seoladh) _____ an tseachtain seo chugainn.

2. Ní bheidh na cáipéisí á (cur) _____ sa phost go dtí an Aoine.
3. Bhí Bríd á (cáineadh) _____ san oifig inné. Bhí trua agam di.
4. Beidh an clár raidió á (craoladh) _____ an tseachtain seo chugainn.
5. Ná bac leis na leathanaigh sin. Beifear á (caitheamh) _____ amach ag deireadh an lae.

Ceist 5 '...cháin chúlbinseoirí...'

- A. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Scríobhaigí síos na rialacha ar fad a bhaineann leis an aimsir chaite (na briathra rialta) a chur in iúl.
- B. Aimsígí gach sampla den aimsir chaite a bhí sa mhír. Cuirigí líne faoi na samplaí sin atá mírialta.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén sainmhíniú a thabharfá ar na téarmaí seo: sóisialachas agus caipitleachas?
2. Cén córas atá againn in Éirinn, dar leat? Cén fáth a gceapann tú é sin?
3. An aontaíonn tú leis na tuairimí a bhí ag Bríd Smith sa mhír? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cuir gach beirt ag obair le chéile chun an cheist a phlé.

Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

1. socruithe:	<i>settlements</i>
2. cúlbinseoirí:	<i>backbenchers</i>
3. iasacht:	<i>loan</i>
4. cáinainéis:	<i>budget</i>
5. sochaí:	<i>society</i>
6. infheistíocht:	<i>investment</i>
7. infreastruchtúr:	<i>infrastructure</i>
8. corparáidí:	<i>corporations</i>
9. ag moladh:	<i>advising, praising</i>
10. as smacht:	<i>out of control</i>
11. stuama:	<i>prudent</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Tá an dráma á **sheoladh** an tseachtain seo chugainn.
2. Ní bheidh na cáipéisí á **gcur** sa phost go dtí an Aoine.
3. Bhí Bríd á cáineadh san oifig inné. Bhí trua agam di.
4. Beidh an clár raidió á **chraoladh** an tseachtain seo chugainn.
5. Ná bac leis na leathanaigh sin. Beifear á **gcaitheamh** amach ag deireadh an lae.

Ceist 5

- A. Rialacha a bhaineann leis an aimsir chaite a chur in iúl, briathra rialta:
- Úsáidtear an dara pearsa, uatha den mhodh ordaitheach – dún, ól.
 - Séimhítear na briathra dar tús consan – dhún.
 - Cuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le guta nó **f**, séimhítear an **f** – **d'**ól, **d'**fhulaing
 - **Ar** an mhír cheisteach agus séimhítear briathra dar tús consan – ar dhún, ar ól, ar fhulaing?
 - **Níor** an mhír dhiúltach agus séimhítear briathra dar tús consan – níor dhún, níor ól agus níor fhulaing.

- B. Samplaí a bhí sa mhír: cháin, go rabhadar (go raibh siad), sheol, bhí, dúirt.

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Sóisialachas: Córas eacnamaíochta agus polaitíochta ina bhfuil smacht ag an rialtas ar tháirgeacht agus ar dháileadh earraí na tíre; tá an rialtas freagrach as na hearraí sin a roinnt leis an tsochaí ar fad.

Caipitleachas: Córas eacnamaíochta ina gcuirtear béim ar sheilbh phríobháideach earraí caipitiúla; tá táirgeacht agus dáileadh earraí ag brath ar an ngeilleagar saormhargaidh.

Eibhlín Ní Choistealbha

Anois, tá na socruithe deireanacha á ndéanamh ag an rialtas do bhuiséad 2019, a fhógrófar amárach. Ach inniu, cháin cúlbinseoirí Fhine Gael na páirtithe eile mar go rabhadar¹ ag moladh i bhfad an iomarca airgid a chaitheamh agus a fháilt² ar iasacht ina gcuid buiséad.

Sorcha Ní Riada

Maidin inniu, sheol 'Pobal Seachas Brabús'³ pleananna cáinainnéise dá gcuid féin. Moltaí, a deir siad, a chiallódh go mbeadh sochaí níos cothroime⁴ mar thoradh orthu. Deir siad go bhfuil gá le hinfheistíocht mhór i gcúrsaí tithíochta, i gcúrsaí sláinte agus infreastruchtúr ach go háirithe. Molann siad go n-íocfaí as seo trí cháin níos mó a ghearradh ar chorparáidí agus ar dhaoine a bhfuil an-chuid saibhris acu.

Bríd Smith, TD, Pobal Seachas Brabús

Is iad na príomhphointí atá againn sa bhuiséad seo ná táimid ag moladh beagnach 3 bhilliún⁵ i gcomhair tithíocht phoiblí, trí bhilliún i sláinte agus córas iompair saor in aisce ar fud na tíre. Agus, chomh maith leis sin, ba mhaith linn an FEMPI⁶ legislation⁷ a chur sa stair⁸.

Sorcha Ní Riada

Ach, go gairid ina dhiaidh sin bhí cúlbinseoirí ó Fhine Gael ag tabhairt amach mar gheall ar na moltaí atá déanta ag páirtithe eile faoin mbuiséad. Dúirt an Teachta Dála, Peter Burke, go bhfuilid⁹ dírithe ar cháin a ghearradh, airgead a fháil ar iasacht agus airgead a chaitheamh.

Kate O'Connell, TD, Fine Gael.

Tá na páirtithe eile as smacht. Tá siad ag caitheamh airgid ar gach rud, tá timpeall 2.9 billiún á gcaitheamh ag Sinn Féin. So, tá plean againn chun an tír a chur ar ais in áit mhaith¹⁰. Caithfimid a bheith stuama leis an airgead atá... agus an cháin atá ag teacht isteach.

Sorcha Ní Riada

Ba chóir go mbeadh an t-eolas ar fad againn faoin am seo amárach.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

¹ *go raibh siad* an leagan caighdeánach

² *fháil* an leagan caighdeánach

³ *Pobal Roimh Brabús* a dúradh

⁴ *cothromaí* a dúradh

⁵ *trí billiún* a dúradh

⁶ Financial Emergency Measures in the Public Interest

⁷ *reachtaíocht* an leagan Gaeilge

⁸ *sna stairiúil* a dúradh

⁹ *go bhfuil siad* an leagan caighdeánach

¹⁰ *i áit maith* a dúradh